Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

15782/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0033 (NLE)**

**MOG 89**
**IRAQ 12**
**CFSP/PESC 1155**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH (AE) 2018/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích,**
**thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát,**
**an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair**
**idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,**
**agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile,**
**chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach**
**a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91, 100, 207 agus 209, i gcomhar le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe Airteagal 6(2) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, (an 'Comhaontú') an 11 Bealtaine 2012.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais na Cróite, tá aontachas Phoblacht na Cróite leis an gComhaontú le comhaontú trí bhíthin prótacail ('an Prótacal'). Beidh feidhm ag nós imeachta simplithe maidir le haontachas den sort sin, trína dtabharfar prótacal i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus an tríú tír lena mbaineann.

(3) An 14 Meán Fómhair 2012, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann i bhfianaise aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas. Tugadh an chaibidlíocht le Poblacht na hIaráice i gcrích go rathúil nuair a cuireadh inisealacha leis an bPrótacal an 24 Lúnasa 2016.

(4) Tá Poblacht na Cróite ina Ballstát den Aontas ón 1 Iúil 2013.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/... ón gComhairle[1]*, síníodh an Prótacal thar ceann an Aontais agus a Bhallstát an …**, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(6) Ba cheart an Prótacal a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh (AE) 2018/… ón gComhairle an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L …).

* IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha 15781/17.

** IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Phrótacail.

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, a fhormheas thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.[1]

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 5(1) den Phrótacal.[2]

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Foilsíodh téacs an Phrótacail in [tagairt IO] in éineacht leis an gcinneadh tráth a shínithe.
[2] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.